II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1929 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Márta 2022

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1227 a mhéid a bhaineann leis na teimpléid le haghaidh faisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le ceanglais fógartha STS le haghaidh urrúsúcháin shintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 27(7), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1227 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos úsáid teimpléad le haghaidh faisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le ceanglais fógra atá simplí trédhearcach agus caighdeánaithe (STS). Go háirithe, le hIarscríbhinní I go III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1227, sonraítear an fhaisnéis is gá a thuairisciú don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) maidir le hurrúsúcháin lena gcomhlíontar na ceanglais STS a leagtar amach in Airteagail 19 go 22 agus Airteagail 23 go 26 de Rialachán (AE) 2017/2402.

(2) Le Rialachán (AE) 2021/557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leasaíodh Rialachán (AE) 2017/2402 tríd an gcreat urrúsúcháin STS a shíneadh chuig urrúsúcháin shintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe. Dá bhrí sin, an teimpléad le haghaidh faisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le ceanglais fógra STS maidir le hurrúsúcháin shintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe, is gá an teimpléad sin a shainiú.

(3) Chun forbhreathnú comparáideach maidir leis na cineálacha urrúsúchán STS uile a chur ar fáil d'infheisteoirí, d'infheisteoirí féideartha agus d'údaráis inniúla, is iomchuí comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na bhfógraí STS uile. Ba cheart go gcloífeadh an teimpléad fógra le haghaidh urrúsúcháin STS laistigh den chlár comhardaithe le formáid an teimpléid le haghaidh urrúsúcháin STS thraidisiúnta, ag tabhairt san áireamh san am céanna na ceanglais maidir le comhaontuithe cosanta creidmheasa agus ról an ghníomhaire físoraithe tríú páirtí a leagtar síos in Airteagal 26e de Rialachán (AE) 2017/2402.

([1]) IO L 347, 28.12.2017, lch. 35.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1227 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2019 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le teimpléid chun faisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le ceanglais fógra STS (IO L 289, 3.9.2020, lch. 315).

([3]) Rialachán (AE) 2021/557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2402 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe chun cabhrú leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 (IO L 116, 6.4.2021, lch. 1).

(4) Ba cheart an fhormáid le haghaidh gach ceann de na réimsí atá le tuairisciú i bhfógra na n-urrúsúchán STS laistigh den chlár comhardaithe a shonrú agus ba cheart aon fhaisnéis a chuirtear isteach chuig ESMA a chur isteach go leictreonach.

(5) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1227, léirítear na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 ón gCoimisiún ([4]) a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1301 ón gCoimisiún ([5]).

(6) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1227 a leasú dá réir sin.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar dhréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir ESMA isteach chuig an gCoimisiún.

(8) Rinne ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí féideartha lena mbaineann agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1227

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1227 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

"3a. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (d), agus Airteagal 1(2), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 ar fáil trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis atá le cur ar fáil de bhun an Airteagail seo ar fáil nó i gcás nach bhfuil gá léi mar gheall ar fheidhmiú na bhforálacha idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 43 agus Airteagal 43a de Rialachán (AE) 2017/2402, sonrófar san fhógra 'Ní infheidhme mar gheall ar fheidhmiú forálacha idirthréimhse' sa réimse ábhartha nó i réimsí na nIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Cuirfear an fhaisnéis bhreise dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 san áireamh sa réimse 'Bosca le comhlánú' d'Iarscríbhinní I go IV a ghabhann leis an Rialachán seo.";

(2) leasaítear Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(3) cuirtear isteach, Iarscríbhinn IV, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leagtar síos caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis atá le cur ar fáil i gcomhréir le ceanglais fógra STS (IO L 289, 3.9.2020, lch. 285).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1301 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil i gcomhréir le ceanglais fógra STS le haghaidh urrúsúcháin shintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe (IO L 197, 26.7.2022, lch. 10),

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1227 mar a leanas:

1. in Iarscríbhinn I, sa tábla "foirm fógra STS i gcás urrúsúchán nach urrúsúcháin ABCP iad", cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna a chomhfhreagraíonn do chóid réimse STSS4, STSS17, STSS21 agus STSS22:

"STSS4	Aitheantóir uathúil		{ALFA-UIMH.-1000}
STSS17	Is institiúid creidmheasa é an tionscnóir (nó an t-iasachtóir bunaidh)		{Tá/Níl}
STSS21	Faoi réir aisghlámadh dian		{ALFA-UIMH.-10000}
STSS22	Díolúine d'fhorálacha aisghlámtha i ndlíthe náisiúnta dócmhainneachta		{ALFA-UIMH.-10000}"

2. in Iarscríbhinn II, sa tábla "foirm fógra STS le haghaidh urrúsúcháin ABCP", cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna a chomhfhreagraíonn do chóid réimse STSAT4, STSAT17, STSAT21 agus STSAT22:

"STSAT4	Aitheantóir uathúil		{ALFA-UIMH.-1000}
STSAT17	Is institiúid creidmheasa é an tionscnóir (nó an t-iasachtóir bunaidh)		{Tá/Níl}
STSAT21	Faoi réir aisghlámadh dian		{ALFA-UIMH.-10000}
STSAT22	Díolúine d'fhorálacha aisghlámtha i ndlíthe náisiúnta dócmhainneachta		{ALFA-UIMH.-10000}"

3. in Iarscríbhinn III, sa tábla "foirm fógra STS le haghaidh Cláir ABCP", cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna a chomhfhreagraíonn do chód réimse STSAP4:

"STSAP4	Aitheantóir uathúil		{ALFA-UIMH.-1000}"

IARSCRÍBHINN II

"IARSCRÍBHINN IV

Formáidí réimse atá le cur i bhfeidhm san fhoirm fógra STS

SIOMBAIL	AN CINEÁL SONRAÍ	SAINMHÍNIÚ
{ALFA-UIMH.-n}	Suas le n carachtar alfa-uimhriúla	Réimse saorthéacs. Ba chóir iad a chur isteach i bhformáid ASCII (gan carachtair aiceanta).
{CÓDTÍRE_2}	Dhá charachtar alfa-uimhriúla	Cód tíre dhá litir, mar a shainmhínítear in ISO 3166-1 cód tíre alfa-2. Ba chóir iad a chur isteach i bhformáid ASCII (gan carachtair aiceanta).
{CÓDAIRGEADRA_3}	Trí charachtar alfa-uimhriúla	Cód airgeadra trí litir, mar a shainmhínítear ag cóid airgeadra ISO 4217. Ba chóir iad a chur isteach i bhformáid ASCII (gan carachtair aiceanta).
{FORMÁID DÁTA}	Formáid dáta ISO 8601	Déanfar na dátaí a fhormáidiú san fhormáid seo a leanas: BBBB-MM-LL
{T/N}	Aon charachtar alfa-uimhriúil amháin	'fíor'— T 'bréagach' — N
{ISIN}	12 charachtar alfa-uimhriúla	Cód ISIN, mar a shainmhínítear in ISO 6166
{LEI}	20 carachtar alfa-uimhriúil	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh, mar a shainmhínítear in ISO 17442

Foirm fógra STS maidir le hurrúsúcháin laistigh den chlár comhardaithe

CÓD RÉIMSE	AINM RÉIMSE	BOSCA LE COMHLÁNÚ	FORMÁID RÉIMSE
STSSY 1	An chéad phointe teagmhála		{LEI}
STSSY 2	An dáta a ndéantar an fógra		{DÁTAFORMÁID}
STSSY 3	Cód aitheantais ionstraime		{ISIN}
STSSY 4	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI)		{LEI}
STSSY 5	Díoltóir na cosanta		{ALFA-UIMH.-100}
STSSY 6	Aitheantóir an fhógra		{ALFA-UIMH.-100}
STSSY 7	Aitheantóir uathúil		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 8	Stór Urrúsúcháin		{ALFA-UIMH.-100}
STSSY 9	Tír bhunaíochta		{CÓDTÍRE_2}
STSSY 10	Aicmiú urrúsúcháin shintéisigh		{LIOSTA}
STSSY 11	Urrúsú sintéiseach le cosaint neamhchistithe creidmheasa		{LIOSTA}
STSSY 12	An Comhaontú Cosanta Creidmheasa in úsáid		{LIOSTA}
STSSY 13	Aicmiú na neamhchosaintí foluiteacha		{LIOSTA}
STSSY 14	Dáta eisiúna		{FORMÁIDDÁTA}
STSSY 15	Fíoraitheoir údaraithe tríú páirtí — ráiteas		{ALFA-UIMH.-100}

STSSY 16	Fíoraitheoir údaraithe tríú páirtí — tír bhunaíochta		{CÓDTÍRE_2}
STSSY 17	Fíoraitheoir údaraithe tríú páirtí — údarás inniúil		{ALFA-UIMH.-100}
STSSY 18	Stádas STS		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 19	Is eintiteas faoi mhaoirseacht san Aontas é an tionscnóir		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 20	Tionscnóir a chuireann i bhfeidhm beartais neamhchosaintí an tríú páirtí a ceannaíodh		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 21	Tionscnamh na neamhchosaintí foluiteacha		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 22	Sócmhainní atá á sealbhú ar chlár comhardaithe an tionscnóra ar dháta deiridh an idirbhirt		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 23	Catagóir an ghrúpa		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 24	Gan neamhchosaint an tionscnóra a fhálú tuilleadh		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 25	Comhaontú cosanta creidmheasa lena gcomhlíontar Airteagal 249 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 26	Comhaontú cosanta creidmheasa lena gcomhlíontar rialacha eile maidir le maolú creidmheasa		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY27	Uiríll agus barántaí — Teideal dlíthiúil ar na neamhchosaintí foluiteacha		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY28	Uiríll agus barántaí — Coinníonn an tionscnóir riosca creidmheasa na sócmhainní foluiteacha		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY29	Uiríll agus barántaí — Comhlíonadh na neamhchosaintí leis na critéir incháilitheachta		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY30	Uiríll agus barántaí — Oibleagáid dhlíthiúil agus in-fhorfheidhmithe i leith an fhéichiúnaí		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY31	Uiríll agus barántaí — Critéir frithgheallta		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY32	Uiríll agus barántaí — Níl aon fhéichiúnaí i sárú ábhartha ná i mainneachtain		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY33	Uiríll agus barántaí — Níl aon fhaisnéis bhréagach i ndoiciméadacht an idirbhirt		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY34	Uiríll agus barántaí — In-fhorfheidhmitheacht nó inbhailitheacht na neamhchosaintí foluiteacha		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY35	Critéir incháilitheachta nach ndéantar foráil iontu maidir le bainistiú gníomhach punainne na neamhchosaintí foluiteacha ar bhonn lánroghnach		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY36	Díolúine ón toirmeasc ar bhainistiú gníomhach punainne		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY37	Neamhchosaint curtha isteach tar éis dháta deiridh an idirbhirt a chomhlíonann na critéir incháilitheachta		{ALFA-UIMH.-10000}

STSSY 38	Neamhchosaint atá aisíoctha go hiomlán		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 39	Neamhchosaintí foluiteacha arna ndiúscairt		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 40	Ní leasú faoi thionchar creidmheasa é		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 41	Níor comhlíonadh na critéir incháilitheachta		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 42	Aonchineálacht sócmhainní		{ALFA-UIMH.}
STSSY 43	Cineál amháin sócmhainne		{ALFA-UIMH.}
STSSY 44	Oibleagáidí atá ceangailteach in-fhorfheidhmithe de réir conartha		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 45	Íocaíocht thréimhsiúil shainithe		{ALFA-UIMH.}
STSSY 46	Fáltais ó dhíol sócmhainní		{ALFA-UIMH.}
STSSY 47	Gan urrúis inaistrithe		{ALFA-UIMH.}
STSSY 48	Gan ath-urrúsúchán		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 49	Caighdeáin frithgheallta a nochtar d'infheisteoirí féideartha		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 50	An fhéidearthacht dul ar iontaoibh iomlán féichiúnaí		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 51	Caighdeáin frithgheallta — Gan tríú páirtithe		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 52	Caighdeáin frithgheallta — Iasachtaí cónaithe		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 53	Caighdeáin frithgheallta — Measúnú an iasachtaí		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 54	Saineolas an tionscnóra nó an iasachtóra bunaidh		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 55	Gan aon neamhchosaint ar mainneachtain		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 56	Gan aon stair chreidmheasa dhíobhálach		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 57	An riosca nach ndéanfaí íocaíocht, níl sé níos airde ná an riosca i gcás neamhchosaintí neamhurrúsúcháin		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 58	Íocaíocht amháin ar a laghad a rinneadh tráth a áiríodh na sócmhainní foluiteacha		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 59	Na ceanglais maidir le coinneáil riosca a chomhlíonadh		{ALFA-UIMH.}
STSSY 60	Rátaí úis agus rioscaí airgeadra a mhaolú		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 61	Comhthaobhacht cosanta creidmheasa agus íocaíocht cosanta creidmheasa atá ainmnithe san airgeadra céanna		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 62	Dliteanais SSPE cothrom le hioncam SSPE nó níos lú ná sin		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 63	Níor úsáideadh aon díorthach ach amháin chun rioscaí úis nó airgeadra a fhálú		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 64	Díorthaigh a úsáid bunaithe ar chomhchaighdeáin		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 65	Íocaíochtaí úis tagartha bunaithe ar rátaí úis a úsáidtear i gcoitinne gan foirmlí casta ná díorthaigh chasta		{ALFA-UIMH.-10000}

STSSY 66	Teagmhas forfheidhmiúcháin gan dochar do ghníomhaíocht forfheidhmithe infheisteoirí		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 67	An comhaontú um chosaint creidmheasa a fhorfheidhmiú - Ní dhéanfar aon suim airgid a ghaistiú in SSPE		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 68	Leithdháiltear caillteanais in ord sinsearachta		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 69	Amúchadh seicheamhach		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 70	Tosaíocht neamhsheicheamhach íocaíochtaí		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 71	Truicir a bhaineann le feidhmíocht		{ALFA-UIMH.}
STSSY 72	Truicir a bhaineann le feidhmíocht		{ALFA-UIMH.}
STSSY 73	Truicir a bhaineann le feidhmíocht		{ALFA-UIMH.}
STSSY 74	Méid na comhthaobhachta atá cothrom le méid na dtráinsí atá á n-amúchadh		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 75	Tharla teagmhas creidmheasa agus méid na cosanta creidmheasa atá ar fáil ar aon dáta íocaíochta.		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 76	Forálacha nó truicir um luathamúchadh — Cáilíocht creidmheasa		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 77	Forálacha nó truicir um luathamúchadh — Caillteanais		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 78	Forálacha nó truicir um luathamúchadh — Neamhchosaintí nua		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 79	Oibleagáidí, dualgais agus freagrachtaí conarthacha -—Seirbhíseoir		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 80	Oibleagáidí, dualgais agus freagrachtaí conarthacha — Iontaobhaí		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 81	Oibleagáidí, dualgais agus freagrachtaí conarthacha — Gníomhaire fíoraithe tríú páirtí		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 82	Oibleagáidí, dualgais agus freagrachtaí conarthacha — Mainneachtain nó dócmhainneacht		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 83	Oibleagáidí, dualgais agus freagrachtaí conarthacha — Nósanna imeachta seirbhísithe		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 84	Caighdeáin seirbhísithe		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 85	Saineolas riachtanach ón seirbhíseoir		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 86	Beartais, nósanna imeachta agus rialuithe bainistithe riosca leordhóthanacha dea-dhoiciméadaithe i bhfeidhm		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 87	Nósanna imeachta seirbhísithe atá chomh dian céanna ar a laghad leis na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí neamh-urrúsaithe comhchosúla		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 88	Clár tagartha i bhfeidhm		{ALFA-UIMH.}
STSSY 89	Clár tagartha — Ábhar		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 90	Réiteach tráthúil ar choinbhleachtaí idir aicmí éagsúla infheisteoirí		{ALFA-UIMH.-1000}

STSSY 91	SSPE — Cearta vótála atá sainithe go soiléir		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 92	Sonraí feidhmíochta maidir le Mainneachtain agus Caillteanas Stairiúil		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 93	Sampla de na neamhchosaintí foluiteacha faoi réir fíorú seachtrach		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 94	Samhail sreafa airgid i leith dliteanais a bheith ar fáil d'infheisteoirí féideartha		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 95	Feidhmíocht chomhshaoil neamhchosaintí foluiteacha ina bhfuil iasachtaí cónaithe nó iasachtaí gluaisteáin nó léasanna gluaisteáin a fhoilsiú		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 96	Maolú ar an gceanglas feidhmíocht chomhshaoil neamhchosaintí foluiteacha ina bhfuil iasachtaí cónaithe nó iasachtaí gluaisteáin nó léasanna gluaisteán a fhoilsiú		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY97	Tionscnóir atá freagrach as Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/2402 a chomhlíonadh		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 98	Faisnéis faoi Airteagal 7(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/2402 atá ar fáil d'infheisteoirí féideartha		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 99	Faisnéis faoi Airteagal 7(1), pointe (b), pointe (c) agus pointe (d), de Rialachán (AE) 2017/2402 atá ar fáil d'infheisteoirí féideartha i bhfoirm dhréachta nó i bhfoirm thosaigh ar a laghad		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 100	Imeachtaí creidmheasa agus úsáid ráthaíochtaí		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 101	Imeachtaí creidmheasa agus úsáid díorthach creidmheasa		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 102	Comhaontú cosanta creidmheasa doiciméadaithe		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 103	Ní chuirtear bac le bearta staonta ar theagmhais creidmheasa incháilithe a ghníomhachtú		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 104	Íocaíocht cosanta creidmheasa bunaithe ar na beartais agus na nósanna imeachta iarbhír maidir le caillteanais réadaithe agus aisghabháil chaighdeánach		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 105	Íocaíocht cosanta creidmheasa iníoctha laistigh de thréimhse shonraithe ama		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 106	Íocaíocht eatramhach cosanta creidmheasa 6 mhí ar a dhéanaí tar éis teagmhas creidmheasa		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 107	Íocaíocht eatramhach cosanta creidmheasa atá níos airde ná an méid caillteanais ionchasaigh is infheidhme		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 108	Téarmaí na híocaíochta cosanta creidmheasa eatramhaí		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 109	Modh chun íocaíochtaí cosanta creidmheasa eatramhacha agus deiridh a ríomh		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 110	Íocaíocht cosanta creidmheasa atá comhréireach le sciar an mhéid ainmniúil gan íoc		{ALFA-UIMH.-10000}

STSSY 111	In-fhorfheidhmitheacht na híocaíochta cosanta creidmheasa		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 112	Sa chomhaontú cosanta creidmheasa, leagtar amach na méideanna atá iníoctha ag infheisteoirí faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa.		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 113	Na méideanna a ríomh i ngach uile cúinse		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 114	Imthosca íocaíochtaí infheisteoirí a leagtar amach sa chomhaontú cosanta creidmheasa.		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 115	Measúnú an ghníomhaire físoraithe tríú páirtí ar na himthosca is cúis le híocaíochtaí d'infheisteoirí		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 116	Íocaíocht cosanta creidmheasa arna ríomh ar leibhéal neamhchosanta foluití aonair.		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 117	Sonrú na tréimhse sínithe uasta le haghaidh an phróisis réitithe fiachais		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 118	Tréimhse fadaithe níos lú ná 2 bhliain		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 119	Íocaíocht deiridh cosanta creidmheasa bunaithe ar mheastachán caillteanais deiridh an tionscnóra		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 120	Foirceannadh an chomhaontaithe cosanta creidmheasa		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 121	Préimheanna cosanta creidmheasa atá ag brath ar an méid ainmniúil gan íoc		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 122	Comhaontú cosanta creidmheasa gan sásraí a shonrú lena bhféadfaí leithdháileadh iarbhír caillteanas ar infheisteoirí a sheachaint nó a laghdú		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 123	Maolú i gcás íocaíochtaí préimhe tosaigh		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 124	Tuairisc ar phréimh na cosanta creidmheasa i ndoiciméadacht an idirbhirt		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 125	In-fhorfheidhmaitheacht chearta an infheisteora		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 126	Déanfaidh an tionscnóir gníomhaire físoraithe tríú páirtí a cheapadh roimh dháta deiridh an idirbhirt.		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 127	Seiceáil an ghníomhaire físoraithe tríú páirtí — Fógra teagmhais creidmheasa atá sonraithe i dtéarmaí an chomhaontaithe cosanta creidmheasa		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 128	Seiceáil an ghníomhaire físoraithe tríú páirtí — An neamhchosaint fholuiteach a chuimsiú sa phunann tagartha		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 129	Seiceáil an ghníomhaire físoraithe tríú páirtí — Critéir incháilithe a comhlíonadh tráth a gcuimsithe sa phunann tagartha		{ALFA-UIMH.-1000}

STSSY 130	Seiceáil an ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí — Comhlíonadh na gcoinníollacha athlíonta		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 131	Seiceáil an ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí — Caillteanais i gcomhréir le ráiteas brabúis agus caillteanais an tionscnóra		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 132	Seiceáil an ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí — Caillteanais arna leithdháileadh mar is ceart ar infheisteoirí		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 133	Gníomhaire fíoraithe tríú páirtí atá neamhspleách ar thionscnóirí, ar infheisteoirí agus (i gcás inarb infheidhme) ar SSPE		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 134	Gníomhaire fíoraithe tríú páirtí a cheapadh faoin dáta deiridh		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 135	Seiceáil an ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí ar bhonn samplála		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 136	Deis d'infheisteoirí ceangal a chur ar an ngníomhaire fíoraithe tríú páirtí aon neamhchosaint bhunúsach a sheiceáil		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 137	Deis don ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí rochtain a bheith aige ar gach faisnéis ábhartha		{ALFA-UIMH.-10000}
STSS 138	Imeachtaí foirceanta		{ALFA-UIMH.-10000}
STSS 139	Doiciméadacht an idirbhirt — Cearta céadrogha ar cheannach		{ALFA-UIMH.-10000}
STSS 140	Doiciméadú an idirbhirt — glao-ama nach bhfuil struchtúrtha le go seachnófaí leithdháileadh caillteanas ar shuíomhanna feabhsuithe creidmheasa		{ALFA-UIMH.-10000}
STSS 141	Glao-ama		{ALFA-UIMH.-10000}
STSS 142	Cosaint chistithe creidmheasa — Torthaí comhthaobhacha d'infheisteoirí in ord sinsearachta na dtráinsí		{ALFA-UIMH.-10000}
STSS 143	Foirceannadh idirbhirt ag infheisteoirí i gcás nár íocadh an phréimh cosanta creidmheasa		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 144	Méid bharrachas an raoin difríochta shintéisigh d'infheisteoirí atá sonraithe i ndoiciméadacht an idirbhirt agus a shloinntear mar chéatadán seasta den iarmhéid punainne iomlán gan íoc		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 145	Barrachas an raoin difríochta shintéisigh nach n-úsáidtear atá le tabhairt ar ais don tionscnóir		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 146	Tionscnóirí a úsáideann cur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha — An méid iomlán a ghealltar in aghaidh na bliana gan a bheith níos mó ná méideanna an chaillteanais ionchasaigh rialála 1 bhliana		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 147	Tionscnóirí nach n-úsáideann cur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha — ní mór ríomh an chaillteanais ionchasaigh 1 bhliana sa phunann fholuiteach a chinneadh go soiléir i ndoiciméadacht an idirbhirt		{ALFA-UIMH.-10000}

STSSY 148	Coinníollacha bharrachas an raoin difríochta shintéisigh a leagtar síos i ndoiciméadacht an idirbhirt		{ALFA-UIMH.-10000}
STSS 149	Cosaint creidmheasa arna húsáid		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 150	In-fhorfheidhmitheacht cheart an tionscnóra an chomhthaobhacht a úsáid chun oibleagáidí íocaíochta cosanta na n-infheisteoirí a chomhlíonadh trí shocruithe comhthaobhachta iomchuí		{ALFA-UIMH.}
STSSY 151	Ceart infheisteoirí aon chomhthaobhacht nár úsáideadh a fháil nuair a leachtaítear urrúsúchán nó de réir mar a amúchtar tráinsí		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 152	Comhthaobhacht a infheistítear in urrúis — Critéir incháilitheachta agus an socrú coimeádta a shonraítear i ndoiciméadacht an idirbhirt		{ALFA-UIMH.}
STSSY 153	Infheisteoirí neamhchosanta ar riosca creidmheasa an tionscnóra		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 154	Tuairim dhlíthiúil lena ndeimhnítear in-fhorfheidhmitheacht na cosanta creidmheasa i ngach dlínse		{ALFA-UIMH.-1000}
STSSY 155	Comhthaobhacht ardcháilíochta — urrúis fiachais ualaithe ó thaobh riosca de ag 0 %		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 156	Comhthaobhacht ardcháilíochta — airgead le hinstitiúid creidmheasa tríú páirtí ag a bhfuil cáilíocht creidmheasa chéim 3 nó os a cionn		{ALFA-UIMH.-10000}
STSSY 157	Maolú — comhthaobhacht i bhfoirm airgid i dtaisce leis an tionscnóir		{ALFA-UIMH.}
STSSY 158	Comhthaobhacht i bhfoirm airgid i dtaisce leis an tionscnóir — cead ón údarás inniúil		{ALFA-UIMH.}
STSSY 159	Aistriú comhthaobhachta i gcás nach gcomhlíonann institiúid creidmheasa tríú páirtí nó tionscnóir an chéim íosta maidir le cáilíocht creidmheasa a thuilleadh		{ALFA-UIMH.}
STSSY 160	Ceanglais chomhthaobhachta a chomhlíonadh i gcás infheistíochtaí i nótaí creidmheas-nasctha arna n-eisiúint ag an tionscnóir		{ALFA-UIMH.-1000}”